


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Coláiste na hEolaíochta UCD |
| **Scoil \| Aonad** | Scoil na Fisice UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** | Cúntóir Feidhmiúcháin |
| **Tréimhse an Phoist** | Conradh 5 bliana |
| **Grád** | Cúntóir Feidhmiúcháin |
| **Scála Tuarastail** | €32,531 - €48,930 in aghaidh na bliana |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúla agus Clár agus tagann sé le Leibhéal Gairme 1 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2013/029 |
| **Bainisteoir Líne** | Priomhoifigeach, Bainisteoir Scoile nó Ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019549 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Linda Meili |
| ***Costais Athlonnaithe*** | *Ní bhaineann* |
| ***Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána*** | *Ní bhaineann* |
| ***Iarratais agus Dáta Deiridh*** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| ***Cead Oibre*** | *NÍL an ról seo incháilithe le haghaidh Cead Oibre.* |

## Achoimre ar an bPost:

Cuirtear fáilte roimh iarratais ar phost mar Chúntóir Feidhmiúcháin i Scoil na Fisice UCD. Is é is cuspóir an róil sin na tacaíocht den chéad scoth a sholáthar do Cheann Scoile agus do Bhainisteoir Scoile (nó ainmní) ach d'fhoireann agus do mhic léinn chomh maith. Oibreoidh sealbhóir an phoist ar thionscadail riaracháin ar leith chun feidhmiú deas réidh Oifig na Scoile a éascú ar bhonn laethúil.

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Seirbhís sholúbtha fhreagrach chúramach dhíograiseach agus éifeachtach a chur ar fáil d'fhoireann, do mhic léinn agus don phobal i gcoitinne; obair a dhéanamh as a stuaim féin agus mar bhall foirne.
- Dul i ngleic le ceisteanna ó mhic léinn/foireann acadúil/pobal i gcoitinne/gach príomhpháirtí leasmhara, i láthair, ar an nguthán agus trí ríomhphost ar bhealach gairmiúil cairdiúil.
- Gníomhú mar an gcéad phointe teagmhála agus mar idirghabhálaí idir Ceann Scoile agus comhordaitheoirí, oidí agus mic léinn.
- Cabhrú le comhdhálacha/seimineáir/ceardlanna/Máistir-ranganna/Cláir Idirbhliana/Laethanta Oscailte/Aontaí Gairme/Laethanta Ionduchtaithe/Scoil Samhraidh agus imeachtaí eile a eagrú.
- Cabhrú le tograí/tionscadail/cláir taighde iarchéime a chur chun cinn do mhic léinn fochéime.
- Cabhrú le hábhar bolscaireachta na Scoile (i gcló agus ar an ngréasán) a ullmhú, a nuashonrú agus a scaipeadh.
- Priontáil/cóipeáil/scanadh agus comhdú.
- Cabhrú le taifid chuntasaíochta a chothabháil, le tuarascálacha airgeadais na scoile a ullmhú agus a chur amach, le monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas, earraí a sholáthar chun sonraisc/íocaíochtaí a phróiseáil.
- Taifid mhac léinn a chothabháil agus cabhair a thabhairt i leith an phróisis scrúdaithe, breithiúnas a

dhéanamh maidir le faisnéis rúnda a láimhseáil.

- Cruinnithe Scoile a eagrú agus a bheith ag freastal orthu agus tacaíocht riaracháin a chur ar fáil (e.g. miontuairiscí, clár oibre, pointí gníomhartha a fhiosrú etc.).
- An córas áirithinte do sheomraí scoile agus córas áirithinte do threalamh closamhairc a chothabháil.
- Eolas cothrom le dáta faoi Pholasaithe agus Nósanna Imeachta na hOllscoile a bheith acu agus iad sin a chur in iúl do mhic léinn agus d'fhoireann acadúil. Freastal ar chúrsaí oiliúna nuair a thagann córais, cleachtais agus inniúlachtaí nua chun cinn.
- Ualach oibre a phleanáil agus tús áite a thabhairt dó chun a chinntiú go gcuirtear gach gníomhaíocht agus tasc ar fáil laistigh d'amlínte sonraithe/comhaontaithe.

**Riarachán Taighde:**

- Idirchaidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí cistithe, riarachán lárnach UCD, Taighde UCD agus Bord Cláir Iarchéime etc. chun cabhair a thabhairt maidir le seirbhísí riaracháin a sholáthar do shealbhóirí deontais/Príomhthaighdeoirí a bhfuil cistiú taighde acu laistigh den Scoil.
- Scileanna uimhriúla dóthanacha a bheith acu, chun obair a dhéanamh a bhfuil ardchaighdean cruinnis uirthi maidir le riarachán airgeadais, lena n-áirítear cloí le buiséad nó taifeadchoimeád airgeadais.
- Cabhrú le taifid chuntasaíochta a chothabháil, le tuarascálacha airgeadais na scoile a ullmhú agus a chur amach, le monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas, earraí a sholáthar chun sonraisc/íocaíochtaí a phróiseáil.

**Dualgais Eile**

- Tionscadail ar leith/tascanna eile a dhéanamh de réir mar a shanntar Ceann Scoile nó ainmní iad.

**Bainteach go sonrach leis an bPost seo / NÓTA TÁBHACHTACH do na hIarrthóirí:**

- Is ról tosaigh é seo a bhaineann le déileáil le mic léinn agus beifear ag súil go mbeidh an t-iarrthóir rathúil i láthair go fisiceach ar champas UCD an chuid is mó den tseachtain oibre.

**95 Scála Tuarastail Cúntóir Feidhmiúcháin_2010: €32,531 - €48,930 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht don iomaíocht agus eolas faoi phinsean le fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

## An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Tá An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD) ar cheann de na hollscoileanna dian-taighde is mó san Eoraip agus an ollscoil is mó in Éirinn, le pobal bríomhar de bhreis is 39,000 mac léinn agus 4,000 ball foirne ó bhreis is 152 tír. Comhcheanglaíonn UCD oidhreacht acadúil shaibhir le dearcadh domhanda, ag cothú nuálaíochta, cruthaitheachta agus sármhaitheasa i measc an teagaisc, an taighde agus an rannpháirtíocht phoiblí.

Agus í lonnaithe ar champas álainn Belfield, cuireann UCD timpeallacht dhinimiciúil agus chuimsitheach ar fáil ina mbíonn smaointe ag fás agus comhoibriú ag fás. Mar ollscoil den 1% is fearr ar domhan, aithnítear UCD as a tionchar ar an tsochaí - ó thaighde ceannródaíoch agus nuálaíocht inbhuanaithe go dtí ceannairí amach anseo a chothú i ngach disciplín.

Cuirtear sármhaitheas, ionracas, éagsúlacht agus comhoibriú chun cinn in UCD. Cuirtear deiseanna forbartha gairmiúla ar fáil, mar aon le cultúr oibre tacúil agus solúbtha, agus an deis cur le hobair a mhúnlaíonn an todhchaí go háitiúil agus go domhanda ag an bhfoireann.

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina gceiliúrtar éagsúlacht agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine.. Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarrthóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.



**Buntáistí a bhaineann le bheith ag obair in UCD**

Cuireann UCD réimse leathan buntáistí ar fáil chun tacú le sláinte na foirne, fás gairmiúil agus cothromaíocht oibre is saoil. Bíonn socruithe oibre solúbtha ar fáil, lena n-áirítear roghanna oibre hibrideacha, comhroinnt poist, agus beartais shaoire flaithiúla. Cuireann UCD scéim pinsin láidir, cosaint ioncaim, agus coigiltis a bhaineann le taisteal ar fáil ar nós pleananna comaitéireachta agus rothaíochta chun na hoibre atá éifeachtúil ó thaobh cánach de. Tá rochtain ag baill foirne ar dheiseanna forbartha gairmiúla trí LinkedIn Learning, saoire staidéir, agus creataí struchtúrtha dul chun cinn gairme. Cothaíonn an ollscoil pobal cuimsitheach agus tacúil, ag tairiscint cláir folláine agus seirbhísí cúnaimh d'fhostaithe, agus cuireann campas Belfield áiseanna den scoth, lascainí agus áiseanna spóirt ar fáil. Tríd is tríd, cuireann UCD timpeallacht oibre dhearfach agus cothrom ar fáil.

Tuilleadh eolais: Buntáistí - Ag obair in UCD

**Critéir Roghnúcháin**

Tá Creatlach Cnuasach Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post um **Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúla agus Clár** agus tagann sé le **Leibhéal Gairme 1.** Tá tuilleadh sonraí ar na hinniúlachtaí feidhmiúla agus príomhinniúlachtaí atá leagtha amach sa Chreat Cnuasach Post ar fáil ag:
https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/

Éigeantach:

**Oideachas agus Cáilíochtaí**

- 1-2 bhliain de thaithí ar sheirbhísí gairmiúla nó ar chustaiméirí ag obair in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal agus/nó céim tríú leibhéal.

**Inniúlachtaí Feidhmiúla**

- **Anailís Gnó:** fianaise go bhfuil sé de chumas acu cur le cultúr leanúnach de bharrfheabhas.
- **Athléimneacht Oibríochtúil:** luas agus cruinneas den chéad scoth maidir le gnáth-thascanna a dhéanamh ar an gcaighdeán is airde.
- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle:** cumas léirithe le bheith in ann caidreamh a dhéanamh le daoine eile, idirbheartaíocht a dhéanamh leo agus tionchar a bheith acu orthu.
- **Grinneas Teicniúil:** sárscileanna TF agus an cumas córais nua a fhoghlaim go tapa.

**Príomhinniúlachtaí**

- **Athrú a Bhainistiú:** cumas a léiriú maidir le cur chuige dearfach a ghlacadh i leith na hoibre agus leis an athrú a ghlacadh chucu féin.
- **Caidreamh a Fhorbairt:** cumas léirithe caidreamh oibre éifeachtach a fhorbairt.
- **Feasacht Eagraíochtúil:** roinnt eolais ar UCD agus ar Earnáil an Ardoideachais in Éirinn.
- **Pleanáil agus Eagrúchán:** scileanna eagrúcháin léirithe agus cumas chun do chuid oibre féin a phleanáil agus a eagrú go héifeachtach chun a chinntiú go mbainfear amach sprioc-amanna.
- **Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh:** Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide a léiriú chun cumarsáid scríofa agus ó bhéal a dhéanamh atá soiléir, gan débhrí, trédhearcach agus comhsheasmhach le luachanna

UCD.

- **Bheith Tionscantach:** cumas a bheith ag obair go neamhspleách gan mórán maoirseachta agus moltaí a thabhairt maidir lena réimse oibre féin a fheabhsú.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht:** roinnt taithí i dtimpeallacht custaiméirí nó tuiscint láidir a léiriú ar riachtanais chustaiméirí agus cumas chun táirgí agus seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthair leis an méid a bhfuil páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha ag súil leis a chomhlíonadh.

Inmhianaithe:

- Eolas ar Struchtúir agus polasaithe UCD, agus a bhfeidhmeanna gaolmhara.
- Scileanna gréasáin, ilmheánacha, foilsithe agus meánchumarsáide.
- Eolas ar Banner, an córas maidir le taifid mhac léinn, UCD Connect, InfoHub (taifid airgeadais agus taifid mhac léinn), eProcurement, Terminal 4.
- Is buntáiste é taithí ar bhróisiúir a dhearadh le haghaidh cló nó gréasáin. Is buntáiste é suim sa ghrianghrafadóireacht freisin.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030: Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | http://www.ucd.ie/science/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | http://www.ucd.ie/physics/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |
| Treoirlínte maidir le Bogadh go hÉirinn: | https://www.ucd.ie/workatucd/locationculture/movingtoireland/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Bairbre Fox |
| Teideal: | Bainisteoir Scoile |
| Seoladh r-phoist: | Bairbre.fox@ucd.ie |
| Fón: | 01 716 2210 |